



DOICIMÉAD **TEICNIÚIL**

FUÉS (HEPSA) – uirlis féinmheasúnaithe maidir le hullmhacht i gcás éigeandála sláinte

Treoir don úsáideoir

ECDC DOICIMÉAD TEICNIÚIL

FUÉS (HEPSA) – uirlis féinmheasúnaithe maidir le hullmhacht i gcás éigeandála sláinte

Treoir don úsáideoir



Rinne an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) an tionscadal seo a choimisiúnú, arna chomhordú ag Graham Fraser agus Svetla Tsolova, agus arna tháirgeadh ag Mariana Haeberer, eipidéimeolaí sinsearach ag IQVIA, Maidrid. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le hInstitiúid Náisiúnta na hÍsiltíre maidir le Sláinte Phoiblí agus an Comhshaol (RIVM) as a hionchur.

Athfhríotal molta: An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. FUÉS (HEPSA) – uirlis féinmheasúnaithe maidir le hullmhacht i gcás éigeandála sláinte - treoir don úsáideoir. Stócólm: ECDC; 2018.

Stócólm, mí an Mheithimh 2018

ISBN 978-92-9498-319-0

doi: 10.2900/741729

Uimhir chatalóige TQ-02-18-883-GA-N

Grianghraf clúdaigh: Sheila Sund, Ceadúnas Sannta Neamhthráchtála Creative Commons (CC BY-NC 4.0) ó Flickr

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2018

Údaraítear atáirgeadh, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinsé

Clár ábhair

Giorrúcháin	iv
Gluais	iv
1 Réamhrá	1
2 Uirlis FUÉS (HEPSA)	2
2.1 Ullmhúcháin agus rialachas roimh theagmhas	3
2.2 Acmhainní: lucht oibre oilte	3
2.3 Cumas tacaíochta: faireachas	4
2.4 Cumas tacaíochta: measúnú riosca	4
2.5 Bainistíocht freagartha imeachta	4
2.6 Athbhreithniú iar-theagmhais	4
2.7 Cur i bhfeidhm na gceachtanna a foghlaimíodh	4
3 Treoracha	5
3.1 An spriocghrúpa beartaithe	5
3.2 Comhlánú na mbileog oibre	5
3.3 Scór	7
3.4 Leideanna breise	8

Fíoracha

Fíor 1. Próiseas UÉSP	2
Fíor 2. Gabháil scáileáin: Cur i bhfeidhm na gceachtanna a foghlaimíodh	5

Táblaí

Tábla 1. Léirmhíniú ar na scóir	8
---------------------------------------	---

Giorrúcháin

TBT	Tacar bunlíne táscairí
TCT	Tacar cuimsitheach táscairí
LEE	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
AE	An tAontas Eorpach
FUÉS (HEPSA)	Féinmheasúnú maidir le hullmhacht i gcás éigeandála sláinte
RSI	Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta
BS	Ballstát
PFN	Pointe Fócasach Náisiúnta
UÉSP	Ullmhacht i gcás éigeandála sláinte poiblí
EDS	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

Gluais

Éigeandáil	Staid thromchúiseach, gan choinne agus go minic contúirteach, a éilíonn gníomhaíocht thráthúil; staid a d'fhéadfadh difear a dhéanadh do bheatha daoine, don chomhshaol, don bhonneagar criticiúil nó do ghnéithe lárnacha sochaí nó a d'fhéadfadh iad a bhagairt; d'fhéadfadh tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine a bheith ina chúis.
Teagmhas galair	Airíonna galair nó teagmhas as a bhféadfadh galar teacht chun cinn.
Córas réamhrabhaidh	Córas chun géarchéimeanna féideartha a shainnithint, go príomha trí fheasacháin, réamhaisnéisí, foláirimh.
Cumarsáid éigeandála	Cumarsáid phráinneach, íogair ó thaobh ama le grúpa sonrach daoine mar thoradh ar chás neamhghnách a éilíonn gníomh go pras thar ghnáthnósanna imeachta chun díobháil, damáiste do dhaoine, do mhaoín nó don chomhshaol nó bás daoine a theorannú. Is minic go mbeartaítear cumarsáid éigeandála chun gníomhaíocht láithreach a spreagadh nó a threorú.
Ullmhacht i gcás éigeandála	Gníomhaíochtaí a rinneadh i réamhaíocht éigeandála chun freagairt tapa, éifeachtach agus oiriúnach a éascú ar éigeandáil.
Guais	Rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le héifeachtaí díobhálacha sláinte i ndaonraí ar a ris.
Faireachas bunaithe ar tháscaire	Gnáth-thuairisciú ar chásanna galair le córais faireachais galar infhógartha, córais faireachais fairtheoirí, agus faireachas saotharlainne-bhunaithe, mar shampla. Is minic a dhéanann saoráidí cúraim sláinte gnáth-thuairisciú, agus tuairiscí á gcomhdú gach seachtain nó go míosúil.
Ullmhacht	An t-eolas agus na hacmhainní atá forbartha ag an rialtas, ag eagraíochtaí um fhreagairt ghairmiúil agus

	um aisghabháil, pobail agus daoine aonair chun réamh-mheas agus freagairt a dhéanamh ar iarmhairtí na géarchéime ar dócha a bheith ann, atá ar tí a bheith ann nó atá ina ghéarchéim reatha agus chun teacht aniar ón ngéarchéim sin.
Pleanáil Ullmhachta	I gceist leis sin tá pleananna ar an ngné áitiúil, náisiúnta agus AE le cur san áireamh sna hearnálacha éagsúla a théann i bhfeidhm ar phleananna éigeandála. Soláthraíonn pleananna ullmhachta struchtúr chrann taca chun príomhghnéithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha éagsúla bagairtí sláinte agus idir-inoibritheacht na bpleananna sin a fheabhsú; tugann pleanáil ullmhachta aghaidh ar bhagairtí agus ar éigeandálaí atá ina mbagairt nó ar dócha iad a bheith ina mbagairt ar shláinte phoiblí i mBallstát.
Galar tosaíochta	Galair ar ábhar imní iad do thír; tá critéir leagtha síos chun na galair sin a aithint.
Ullmhacht i gcás éigeandála sláinte poiblí	Cumas na gcóras sláinte poiblí agus cúraim shláinte, cumas pobal agus daoine aonair chun éigeandálaí sláinte a chosc, chun cosaint a dhéanamh i gcoinne éigeandálaí sláinte, chun freagairt go mear d'éigeandálaí sláinte agus chun teacht aniar ó éigeandálaí sláinte, go háirithe uathu siúd a bhfuil a scála, a n-uainiú, nó a ndothuathacht i mbaol srian míchuí a chur ar ghnáth- fheidhmeanna. Tá próiseas comhordaithe agus leanúnach pleanála agus cur chun feidhme i gceist le hullmhacht éigeandála sláinte poiblí a bhíonn ag brath ar fheidhmíocht a thomhas agus gníomh ceartaitheach a dhéanamh.
Riosca don tsláinte phoiblí	An dóchúlacht go dtarlódh teagmhas a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith aige ar shláinte dhaonraí daonna, agus béim ar cibé an bhféadfadh sé scaipeadh go hidirnáisiúnta nó go bhfuil baol tromchúiseach agus díreach ann.
Baol don tsláinte phoiblí	Imeacht (teagmhas), coinníoll nó gníomhaire, a bhfuil sé de chumas ag a bheith ann dochar a dhéanamh go mear, go díreach nó go neamhdhíreach, do dhaonra ar a ris ar bhealach leordhóthanach chun go mbeadh géarchéim ann dá dheasca.
Freagairt	Seirbhísí éigeandála agus cúnaimh poiblí a sholáthar le linn géarchéime nó díreach tar éis géarchéime, chun beatha daoine a shábháil, chun tionchair ar shláinte, ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí a laghdú, sábháilteacht an phobail a áirithiú agus freastal ar riachtanais bhunúsacha na ndaoine a bhfuil tionchar acu orthu.
Riosca	An teaghlaim ar dhóchúlacht géarchéime agus a iarmhairtí diúltacha.
Measúnú riosca	Próiseas atá bunaithe go heolaíoch ina bhfuil na céimeanna a leanas: i) guais a shainaithint, ii) saintréithriú guaiseacha, iii) measúnú nochta, agus iv) tréithriú riosca.
Cumarsáid maidir le rioscaí	Malartú agus scaipeadh faisnéise cuí faoi rioscaí chun go bhféadfaidh lucht déanta cinntí, páirtithe leasmhara agus an pobal cinntí cuí a dhéanamh.

Bainistiú riosca	An próiseas, ar leith ó mheasúnú riosca, ar roghanna malartacha beartais a mheas, measúnú riosca agus fachtóirí eile a bhaineann le sláinte na dtomhaltóirí a chosaint - i gcomhairle leis na páirtithe uile atá i gceist; más gá, as an bpróiseas sin roghnaítear roghanna cuí coisc agus rialaithe a roghnú.
Faireachas	Bailiúchán, comhthiomsú agus anailís leanúnach, córasach a dhéanamh ar shonraí chun críocha sláinte phoiblí chomh maith le scaipeadh tráthúil faisnéise sláinte phoiblí do mheasúnú agus freagairt shláinte phoiblí.
Leochaileacht	Na saintréithe agus na himthosca a bhaineann le pobal, córas nó sócmhainn a fhágann go mbeidh sé i mbaol éifeachtaí díobhálacha géarchéime.

1 Réamhrá

Tá sé mar aidhm leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) tacú le cuspóirí ullmhachta Chinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann do shláinte, ag tabhairt aghaidh ar ullmhacht agus ar phleanáil freagartha. Soláthraíonn ECDC tacaíocht theicniúil d'ullmhacht éigeandála sláinte poiblí (UÉSP) agus saothraíonn sé raon leathan tionscnamh i réimse UÉSP mar shampla modheolaíochtaí ullmhachta a fhorbairt, ábhair ar ghnéithe praiticiúla ullmhachta, agus treoir maidir le pleanáil ullmhachta.

Is é cuspóir na huirlise UÉSP (HEPSA) – giorrúchán ar 'fhéinmheasúnú maidir le hullmhachta i gcás éigeandála sláinte – cabhrú le tíortha a leibhéal UÉSP a fheabhsú trína ligean dóibh measúnú a dhéanamh ar a leibhéal ullmhachta maidir le héigeandálaí sláinte poiblí. Úsáidtear FUÉS (HEPSA) chun leibhéal ullmhachta a mheas, bearnaí féideartha a shainiú, leochaileachtaí a shainiú, agus réimsí le haghaidh feabhsúcháin a bhrath - leis an gcuspóir chun cumais ullmhachta foriomlána a neartú le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí.

Tá dhá thacar de tháscairí measúnaithe san uirlis: bunlíne agus cuimsitheach; cuimsítear sa tsraith táscairí cuimsitheacha na táscairí bunlíne uile chun féinmheasúnú cuimsitheach a dhéanamh.

Is leabhar saothair Microsoft Excel macra-chumasaithe é FUÉS (HEPSA). Tugann an treoir úsáideora seo faisnéis bhunúsach ar an bpróiseas féinmheasúnaithe. Seol r-phost chuig preparedness@ecdc.europa.eu má tá tuilleadh ceisteanna agat.

2 Uirlis FUÉS (HEPSA)

Is éard atá san uirlis ná seacht réimse a shainíonn próiseas ullmhachta éigeandála sláinte poiblí agus freagairt. Cuirtear béim ar ghníomhaíochtaí agus ar tháscairí ábhartha chun cabhrú le Ballstáit AE/LEE measúnú a dhéanamh ar a leibhéal ullmhachta, bearnaí féideartha a shainaithint, agus tosaíochtaí a leagan síos le haghaidh tuilleadh forbartha. Rinneadh táscairí a fhoirmliú tar éis athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar litríocht agus tar éis comhthoil saineolaí idirnáisiúnta a fháil (i gcomhairliúcháin le Pointí Comhtheagmhála Náisiúnta ECDC maidir le hullmhacht agus Freagairt).

Tá roinnt táscairí ag gach réimse den uirlis. Roinntear táscairí i dtacar bunlíne táscairí (TBT) agus i dtacar cuimsitheach táscairí (TCT). Sainíonn TBT ullmhacht bhunúsach na tíre, ar cheart í a bhaint amach i ngach tír, beag beann ar conas a dhéantar córas sláinte na tíre a struchtúru. Déantar TCT a shainiú ag táscairí ullmhachta breise.

In uirlis FUÉS (HEPSA) tá crosthagairtí ann do Chomhuirlis Meastóireachta Sheachtrach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) (CMS – leagan 1)¹ agus an Creat Straitéiseach um Ullmhacht Éigeandála², rud a chabhraíonn le húsáideoirí scóir fhéideartha CMSE a ríomh agus a leibhéal ullmhachta a mheas de réir Chreat EDS.

Tá dhá cholún i ngach bileog oibre réimse le crosthagairtí do dhoiciméid EDS. Is féidir le húsáideoirí dul i gcomhairle leis an mbileog oibre comhfhreagrach (CMS: Bileog oibre 'Achoimre'; Creat EDS: Bileog oibre 'Chreat EDS') chun féachaint ar na naisc chuig doiciméid EDS.

Fíor 1. Próiseas UÉSP

¹ EDS, An Creat Straitéiseach um Ullmhacht Éigeandála, 2017. Ar fáil ó:

http://apps.who.int/iris/bitstream/10665/204368/1/9789241510172_eng.pdf

²EDS, Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (RSI) (2005) Creat faireacháin agus meastóireachta; Comhuirlis Meastóireachta Seachtraí.

Ar fáil ó: <http://apps.who.int/iris/bitstream/10665/254883/1/9789241511827-eng.pdf>



1. Governance	1- Rialachas
2. Capacity building and maintenance	2. Tógáil agus cothabháil acmhainní
3. Surveillance	3. Faireachas
4. Risk assessment	4. Measúnú riosca
5. Risk and crisis management	5. Bainistiú riosca agus géarchéime
6. Post-event evaluation	6. Meastóireacht iar-theagmhais
7. Implementation of lessons learned	7. Cur i bhfeidhm na gceachtanna a foghlaimíodh
Pre event	Roimh theagmhas
Post event	Iar-theagmhas
Event	Teagmhas

Tá próiseas UÉSP (Fíor 1), atá clúdaithe ag FUÉS (HEPSA), roinnte ina seacht gcéim:

- Ullmhúcháin agus rialachas roimh theagmhas
- Acmhainní: lucht oibre oilte
- Cumas tacaíochta: faireachas
- Cumas tacaíochta: measúnú riosca
- Bainistíocht freagartha imeachta
- Athbhreithniú iar-theagmhais
- Cur i bhfeidhm na gceachtanna a foghlaimíodh.

Déantar na seacht gcéim a ghrúpáil i dtrí chéim: cuimsíonn an chéim roimh theagmhas gach gníomhaíocht a bhaineann le pleanáil agus le réamhaíocht, agus díríonn céim an teagmhais ar chur chun feidhme na bpleananna ullmhachta atá ann cheana mar fhreagra ar bhaol don tsláinte phoiblí (a d'fhéadfadh a bheith ann). Tarlaíonn an chéim iar-theagmhais tar éis na haisghabhála ó bhagairt shláinte phoiblí agus leagann sé béim ar fheabhsú leanúnach gach réimse agus gné a léirítear i bpróiseas UÉSP.

2.1 Ullmhúcháin agus rialachas roimh theagmhas

Léiríonn ullmhúcháin agus rialachas roimh theagmhas na struchtúir agus na próisis trína ndéanann páirtithe leasmhara idirghníomhú agus rannpháirtíocht i gcinnteoireacht UÉSP. Áirítear leis seo, mar shampla, bunú polasaithe agus reachtaíocht náisiúnta a rialaíonn ullmhúlacht éigeandála, pleananna le haghaidh ullmhachta éigeandála, bearta freagartha agus aisghabhála, meicníochtaí comhordaithe - agus cur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar gach réimse a luaitear thuas.

2.2 Acmhainní: lucht oibre oilte

Tá ról tábhachtach ag lucht oibre dea-oilte, le leibhéal ard inniúlachta in acmhainní daonna agus scileanna maithe eagrúcháin, i bpleanáil UÉSP. Braitheann ullmhacht na heagraíochta maidir le héigeandálaí ar fhoireann oilte chun freagairt go héifeachtach ar éigeandálaí sláinte poiblí. Cuidíonn gníomhaíochtaí oiliúna agus cleachtaí chun cumais agus nósanna imeachta feidhmiúla a fhorbairt, a mheasúnú agus a fheabhsú agus dá bhrí sin, mar thoradh orthu sin is féidir freagairt go héifeachtúil ar ráig nó ar éigeandáil sláinte poiblí. D'fhéadfaí tacar foilsithe d'inniúlachtaí lárnacha ullmhachta éigeandála a úsáid chun tacú le tuilleadh plé sa réimse sin³.

2.3 Cumas tacaíochta: faireachas

Is gné ríthábhachtach é faireachas, lena n-áirítear réamhrabhadh agus faisnéis eipidéimeach, chun rioscaí sláinte poiblí a bhrath go tapa agus measúnú agus bainistiú na rioscaí sin a thionscnamh. Tá sé freisin ar cheann de na hinniúlachtaí lárnacha atá leagtha amach sa chreatlach faireacháin um inniúlacht lárnach na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (RSI)⁴. Cuimsíonn faireachas galar an bailiúcháin, comhthiomsú agus anailís chórasach, leanúnach agus anailís a dhéanamh ar shonraí chun críocha sláinte poiblí agus scaipeadh tráthúil faisnéise maidir le sláinte phoiblí.

2.4 Cumas tacaíochta: measúnú riosca

Déantar measúnú riosca a shainmhíniú mar phróiseas córasach ina ndéantar leibhéal riosca a shannadh do bhagairt shláinte phoiblí (féideartha) a eascraíonn as foláirimh agus réamhrabhadh ó chórais faireachais tíre. Dá réir sin, tá measúnú riosca comhdhéanta de bhailiúcháin, measúnú agus doiciméadú faisnéise ábhartha⁵ chun tacú le cinnteoireacht mar fhreagra ar an mbagairt. Is féidir le rangú riosca a bheith úsáideach freisin chun tosaíocht a thabhairt do rioscaí agus do ghníomhartha⁶.

2.5 Bainistíocht freagartha imeachta

Is é atá i gceist le bainistíocht ar fhreagairt do theagmhas ná gach straitéis agus gníomhaíocht atá deartha chun cabhrú le tíortha déileáil le héigeandálaí sláinte poiblí tobanna agus tromchúiseacha. Léiríonn teagmhais sláinte poiblí más féidir le heagraíocht cinntí tráthúla, leordhóthanacha agus cúramacha a dhéanamh atá bunaithe ar mheasúnú cuí ar an staid agus ar an eolas is fearr atá ar fáil. Is é an aidhm atá le bainistíocht ar fhreagairt do theagmhas ná tionchar diúltach na n-imeachtaí sláinte poiblí a theorannú agus filleadh ar an ngnáthstaid. Tá sé de chúram ar phleanálaithe sláinte poiblí córas feidhmiúil comhoibrithe a bhunú ag leibhéil réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirtear éilimh arda ar chumarsáid fhrithpháirteach, ar mhalartú faisnéise agus ar chinnteoireacht thrédhearcach. Faightear na tagairtí dlíthiúla maidir le gníomhaíochtaí den sórt sin sa reachtaíocht náisiúnta, Cinneadh 1082/2013 AE maidir le bagairtí sláinte trasteorann, agus RSI.

2.6 Athbhreithniú iar-theagmhais

Tá sé tábhachtach athbhreithniú iar-theagmhais a dhéanamh tar éis éigeandála sláinte poiblí. Soláthraíonn measúnú ar an teagmhas an deis chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal ullmhachta tíre nó réigiúin agus cabhraíonn sé le bearnaí féideartha agus réimsí chun feabhais a shainaithint.

2.7 Cur i bhfeidhm na gceachtanna a foghlaimíodh

Tar éis láidreachtaí agus laigí sa chóras UÉSP a mheasúnú le linn meastóireachta iar-theagmhais, ní mór na torthaí sin a thiontú ina ngníomhaíochtaí, is é sin na ceachtanna a foghlaimíodh a chur chun feidhme.

³ An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Ullmhacht i gcás éigeandála sláinte poiblí – Inniúlachtaí lárnacha do Bhallstáit AE. Stócólm: ECDC; 2017. Ar fáil ó: <https://ecdc.europa.eu/sites/portal/files/documents/public-health-emergency-preparedness-core-competencies-eu-member-states.pdf>

⁴ <http://www.who.int/ihr/publications/WHO-HSE-GCR-2016.16/en/>

⁵

<https://ecdc.europa.eu/sites/portal/files/media/en/publications/Publications/1108 TED Risk Assessment Methodology Guidance.pdf>

⁶ https://ecdc.europa.eu/sites/portal/files/documents/Tool-for-disease-priority-ranking_handbook_0_0.pdf

3 Treoracha

3.1 An spriocghrúpa beartaithe

Tá uirlis FUÉS (HEPSA) deartha le húsáid ag gairmithe sláinte poiblí i réimse na planála éigeandála agus na bainistíochta teagmhais. Is féidir le níos mó ná duine amháin bileoga oibre na huirlise a chomhlánú, mar shampla le linn ceardlainne nó tríd an gcomhad Excel a scaipeadh tríd an r-phost. Is féidir an próiseas plé agus comthoilithe seo a bhreithniú mar an chéad chéim chun feachtas agus comhordú a fheabhsú i measc gairmithe sláinte poiblí atá i gceannas ar imeachtaí sláinte poiblí.

3.2 Comhlánú na mbileog oibre

Cuimsítear seacht réimse in uirlis FUÉS (HEPSA), agus bileog oibre ar leith ann do gach réimse. Tá roinnt táscairí ag baint le gach réimse. Baineann táscairí le tacar bunlíne táscairí (TBT) nó le tacar cuimsitheach táscairí (TCT).

Ní chomhfhreagraíonn TBT agus TCT do struchtúr ordlathach. Go deimhin, ní dhéanann na táscairí cuimsitheacha an táscaire bunlíne a shanntar a shainiú; ina ionad sin, soláthraíonn siad léargas níos cuimsithí ar réimse. Ar dtús, níl ach an TBT le feiceáil. Tar éis cliceáil ar an gcnaipe 'Oscail TCT' ag barr na bileoige oibre, taispeánfar TCT ar gach bileog oibre. Má chliceálann tú ar an gcnaipe 'Dún TCT', déanfar an TCT a dhíchumasú (féach an gabháil scáileáin).

Fíor 2. Gabháil scáileáin: Cur i bhfeidhm na gceachtanna a foghlaimíodh

Implementation of lessons learned

Responsible authority/ies:
Respondent/s:

= BSI
 = CSI

Performance measure

WHO JEE

Select desired percentage by typing '1' into the corresponding column

0% 20% 40% 60% 80% 100% NA/NK

Rating

1 Experiences and lessons learned, from post-event reviews or exercises, are used to improve preparedness and response activities. C.6

2 Experiences and lessons learned, from post-event reviews or exercises, are used across all relevant sectors. C.6

3 Experiences and lessons learned, from post-event reviews or exercises, are used to improve policies and practice. C.6

BSI 0.0
CSI 0.0

Implementation of lessons learned	Cur i bhfeidhm na gceachtanna a foghlaimíodh
Responsible authority/ies	Údará(i)s atá freagrach
Respondent/s	Freagróir(i)
=BSI	=TBT
=CSI	=TCT
Open CSI	Oscail TCT
Close CSI	Dún TCT
Performance measure	Beart feidhmíochta
WHO	EDS
JEE	CMS
Select desired percentage by typing '1' into the corresponding column	Roghnaigh an céatadán atá ag teastáil trí '1' a chlósáil isteach sa cholún comhfhreagrach
Rating	Rátáil
0.0	0.0
Experiences and lessons learned, from post-event reviews or exercises, are used to improve preparedness and response activities	Baintear úsáid as tairní agus ceachtanna a foghlaimíodh, ó athbhreithnithe nó cleachtaí iar-

	theagmhais, chun gníomhaíochtaí ullmhachta agus freagartha a fheabhsú
Experiences and lessons learned, from post-event reviews or exercises, are used across all relevant sectors	Baintear úsáid as taithí agus ceachtanna a foghlaimíodh, ó athbhreithnithe nó cleachtaí iar-theagmhais, ar fud gach earnála ábhartha
Experiences and lessons learned, from post-event reviews or exercises, are used to improve policies and practice.	Baintear úsáid as taithí agus ceachtanna a foghlaimíodh, ó athbhreithnithe nó cleachtaí iar-theagmhais, chun beartais agus cleachtas a fheabhsú.

Score	Frequency scale	Achievement scale
No (0%)	Never	Not achieved, no progress, no sign of forward action
20%	Infrequent	Minor progress, with few signs of forward action in plans or policy
40%	Sometimes	Some progress, but without systematic policy and/or organisational commitment
60%	Often	Organisational commitment attained or considerable progress made, but achievements do not meet all needs and requirements
80%	Mostly	Substantial achievements but with some recognised limitations in capacities, capabilities and/or resources
Yes (100%)	Always	Comprehensive achievements with sustained commitment and capacities at all levels

Comments

Next

Score	Scór
Frequency scale	Scála minicíochta
Achievement scale	Scála gnóthachtála
No (0%)	Ní hea (0%)
Yes (100%)	Is ea (100%)
Never	Riamh
Infrequent	Ní go minic
Sometimes	Uaireanta
Often	Go minic
Mostly	Den chuid is mó
Always	I gcónaí
Not achieved, no progress, no sign of forward action	Gan a bheith bainte amach, gan aon dul chun cinn, gan aon chomhartha ar ghníomhaíocht ag dul chun tosaigh
Minor progress, with few signs of forward action in plans or policy	Beagán dul chun cinn déanta, le roinnt bheag comharthaí de ghníomhaíocht ag dul chun tosaigh i bpleananna nó i mbeartas
Some progress, but without systematic policy and/or organisational commitment	Tá roinnt dul chun cinn déanta, ach gan aon bheart córasach agus/ná tiomantas eagraíochta
Organisational commitment attained or considerable progress made, but achievements do not meet all needs and requirements	Baineadh amach tiomantas eagraíochta nó rinneadh dul chun cinn suntasach, ach ní chomhlíonann na gnóthachtálacha na riachtanais go léir
Substantial achievements but with some recognised limitations in capacities, capabilities and/or resources	Rinneadh éachtaí suntasacha ach le roinnt teorainneacha sainaitheanta ó thaobh inniúlachtaí, cumas agus/nó acmhainní
Comprehensive achievements with sustained commitment and capacities at all levels	Rinneadh éachtaí cuimsitheacha le tiomantas agus cumais leanúnacha ag gach leibhéal
Comments	Nótaí
Next	An chéad cheann eile

3.3 Scór

Tá dhá rogha ann chun an uirlis FUÉS (HEPSA) a chomhlánú.

- Comhlánaigh na réimsí agus déan scór a ríomh don TBT (táscairí dúghlasa). Cuirtear na torthaí i láthair ag bun gach bileoige oibre; tugann an bhileog oibre 'Achoimre' forbhreathnú ar an leibhéal UÉSP a gnóthaíodh.
- Lón isteach na réimsí agus ríomh scór don TCT (gach táscaire). Cuirtear na torthaí i láthair ag bun gach bileoige oibre; tugann an bhileog oibre 'Achoimre' forbhreathnú cuimsitheach ar an leibhéal UÉSP a gnóthaíodh.

Chun scór a ríomh, ní mór tacar iomlán de tháscairí comhfhreagracha a chur i bhfeidhm.

Tugtar scóir mar chéatadán (0 go 100, i mbreisíochtaí de 20) agus ar dhá scálaí: scála minicíochta agus scála gnóthachtála. Féach Tábla 1 le haghaidh léirmhínithe ar na scóir arna ríomh.

Tábla 1. Léirmhíniú ar na scóir

Scór	Scála minicíochta	Scála gnóthachtála
Ní hea (0%)	Riamh	Gan a bheith bainte amach, gan aon dul chun cinn, gan aon chomhartha ar ghníomhaíocht ag dul chun tosaigh
20%	Ní go minic	Beagán dul chun cinn déanta, le roinnt bheag comharthaí de ghníomhaíocht ag dul chun tosaigh i bpleananna nó i mbeartas
40%	Uaireanta	Tá roinnt dul chun cinn déanta, ach gan aon bheart córasach agus/ná tiomantas eagraíochta
60%	Go minic	Baineadh amach tiomantas eagraíochta nó rinneadh dul chun cinn suntasach, ach ní chomhlíonann na gnóthachtálacha na riachtanais go léir
80%	Den chuid is mó	Rinneadh éachtaí suntasacha ach le roinnt teorainneacha sainaitheanta ó thaobh inniúlachtaí, cumas agus/nó acmhainní
Is ea (100%)	I gcónaí	Rinneadh éachtaí cuimsitheacha le tiomantas agus cumais leanúnacha ag gach leibhéal

3.4 Leideanna breise

- Sábháil cóip den chomhad i gcónaí; ná déan dearmad an comhad a shábháil go rialta.
- Is féidir leat cinneadh a dhéanamh scór a fháil do gach réimse nó do chuid de na réimsí amháin. Is féidir scóir a ríomh bunaithe ar an TBT nó TCT. Cuirtear bosca tráchta ar fáil do na táscairí go léir, ar féidir iad a úsáid chun a mhíniú cén fáth ar úsáideadh táscaire áirithe.
- Agus scór á ríomh agat, seiceáil an treoir chun a dhéanamh amach cé acu táscaire is fearr a fheileann. Níl aon fhreagraí míchearta ann, ach tá sé tábhachtach laigi nó leochaileachtaí a thairfeadh ionas gur féidir aghaidh a thabhairt orthu sa todhcháí.
- Chun céatadán a roghnú, cuir '1' sa bhosca ábhartha den chuid bhuí. Ní féidir ach aon chéatadán amháin in aghaidh an táscaire a roghnú. Comhlánaigh tacar iomlán táscairí i gcónaí (TBT nó TCT), fiú más gá duit 'Ní bhaineann le hábhar/Ní fios' a thabhairt mar fhreagra uaireanta. Ní féidir tacair neamhiomlána a rátáil. Tabhair faoi deara go bhféadfadh go gcaithfeá scrolláil suas/síos chun na táscairí go léir a thaispeáint i réimse áirithe. Déanfar na torthaí go léir a aistriú go huathoibríoch chuig an mbileog oibre 'Achoimre'.
- Taispeántar na scóir do gach táscaire sa cholún 'Scóir'. Déantar iad sin a thiontú ina mheáchan, a bheidh sa chomhaireamh don scór iomlán don réimse sin. Tar éis gach táscaire a rátáil, cliceáil *Iontráil* chun achoimre a fháil ar gach scór do réimse ar leith (ar taispeáint ag bun gach bileoige oibre). Tá achoimre ar gach scór ar fáil sa bhileog oibre 'Achoimre'.
- Mura féidir leat gach táscaire a fhreagairt laistigh d'aon seisiún amháin, sábháil agus dún do chomhad Excel. Atosaigh arís san áit ar stop tú nuair a bhíonn am agat arís.
- Nuair a chuirtear isteach gach luachan don TBT/TCT, aistrítear toradh an ríomha go huathoibríoch chuig an mbileog oibre 'Achoimre'. Tugann an bhileog oibre 'Achoimre' na scóir do gach réimse, chomh maith le graf radair do TBT/TCT. Tugann an bhileog oibre forbhreathnú freisin ar scóir bunaithe ar tháscairí CMS agus ar tháscairí gaolmhara FUÉS (HEPSA).
- Más mian leat tosú in athuair, oscailcomhad nua FUÉS (HEPSA). Mar mhalairt air sin, is féidir leat gach freagra a scriosadh trí gach réimse a roghnú agus 'scrios' a bhrú ar do mhéarchlár.
- Más mian leat do chuid oibre a phriontáil, sábháil an bhileog oibre Excel mar chomhad PDF agus déan an PDF a phriontáil.
- Meastóireacht ar an uirlis: cuirtear foirm mheastóireachta ar fáil leis an uirlis d'fhonn inúsáidteacht agus úsáideacht na huirlise a mheas. Is mór againn as do chuid aiseolais agus bainfidh muid leas as chun an uirlis a fheabhsú tuilleadh. Cuir an fhoirm ar ais chuig: preparedness@ecdc.europa.eu

**European Centre for Disease
Prevention and Control (ECDC)**

Address:
Gustav III:s boulevard 40, SE-169 73 Solna,
Sweden

Tel. +46 858601000
Fax +46 858601001
www.ecdc.europa.eu

An agency of the European Union
www.europa.eu

Subscribe to our publications
www.ecdc.europa.eu/en/publications

Contact us
publications@ecdc.europa.eu

Follow us on Twitter
[@ECDC_EU](https://twitter.com/ECDC_EU)

Like our Facebook page
www.facebook.com/ECDC.EU

ECDC is committed to ensuring the transparency and independence of its work

In accordance with the Staff Regulations for Officials and Conditions of Employment of Other Servants of the European Union and the ECDC Independence Policy, ECDC staff members shall not, in the performance of their duties, deal with a matter in which, directly or indirectly, they have any personal interest such as to impair their independence. Declarations of interest must be received from any prospective contractor(s) before any contract can be awarded.
www.ecdc.europa.eu/en/aboutus/transparency

HOW TO OBTAIN EU PUBLICATIONS

Free publications:

- one copy:
via EU Bookshop (<http://bookshop.europa.eu>);
- more than one copy or posters/maps:
from the European Union's representations (http://ec.europa.eu/represent_en.htm);
from the delegations in non-EU countries (http://eeas.europa.eu/delegations/index_en.htm);
by contacting the Europe Direct service (http://europa.eu/europedirect/index_en.htm) or
calling 00 800 6 7 8 9 10 11 (freephone number from anywhere in the EU) (*).

(* The information given is free, as are most calls (though some operators, phone boxes or hotels may charge you).

Priced publications:

- via EU Bookshop (<http://bookshop.europa.eu>).



■ Publications Office